Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Muir

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastal agus caiteachas Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar dheontais agus fóirdheontais áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgead teoranta agus feabhsúchán Inis Sionnach.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €157.977 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

### *Sócmhainní caipitil*

Déantar sócmhainní sa chatagóir mótarfheithiclí a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta deich mbliana. Léiríonn an ráta sin cineál tionsclaíoch na sócmhainní sin.

Níl aon luachálacha ar thalamh agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn. Tá siad sin liostaithe in Aguisín A.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

***Seirbhísí comhroinnte***

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as oibriú na rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte tar éis próiseas iniúchóireachta a chur i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le hoibriú na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Cuimsítear na nithe seo a leanas sa dearbhú sin:

- Obair iniúchóireachta inmheánaí arna déanamh ag aonad iniúchóireachta inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- Iniúchtaí arna ndéanamh ag gnólacht cuntasóirí i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Dearbhú Iontaofachta (ISAE 3402), atá deartha chun tuairisciú a dhéanamh do ranna is úsáideoirí agus a n-iniúchóirí ar na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Tuairiscíonn na hiniúchtaí sin ar éifeachtacht na rialuithe a bhí i bhfeidhm in 2021.

Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dearbhaithe faoi mo bhráid maidir leis na socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúchóireachta inmheánaí, mar aon le tuarascálacha ar fheidhmiú na rialuithe le linn 2021.

Braithim ar thuairisc Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar an gcóras rialaithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte.

**Timpeallacht rialaithe airgeadais**

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ag gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus na freagrachtaí atá orm as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### *Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta*

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras TFC a chinntiú
- gurb ann do threoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil agus do dhisciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

### **Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ag obair inti, agus go bhfuil an fheidhm ag feidhmiú de réir cairt scríofa atá faofa agam. Is é atá mar bhonn lena cuid oibre anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne agus is bunaithe ar an anailís sin atá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agamsa. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Tá roinnt sásraí i bhfeidhm ag an Roinn chun a córais bhainistíochta agus rialaithe airgeadais a athbhreithniú agus a mheas ar bhonn leanúnach. Cuimsítear iontu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchóireachta agus a córas bainistíochta riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilimse i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus déanann sé monatóireacht ar an dul chun cinn ar dhéileáil le saincheisteanna rialaithe sainaitheanta agus ar na ceanglais chreidiúnaithe arna leagan síos sa rialachán le haghaidh ghníomhaireachtaí íocaíochta AE a chomhlíonadh.

Tá an Roinn faoi réir raon iniúchtaí atá á ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí, ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag Coimisiún AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách – ar gnólacht cuntasaíochta gairmiúil é – a dheimhníonn cuntais bhliantúla an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). In 2021, bhí an Roinn faoi réir thart ar 2,276 dhaonlá iniúchóireachta a bheith á ndéanamh ag na comhlachtaí sin. Thug mé dearbhú bainistíochta don chomhlacht deimhniúcháin le haghaidh chuntais bhliantúla AE, mar a cheanglaítear le Rialachán 1306/2013 ón gComhairle.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas i ndáil le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte agus na reachtaíochta ábhartha ar fad a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i ndáil le 64 chonradh dar luach iomlán €3,787,740 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos:

- Dámhadh roimhe sin deich gconradh dar luach €711,749 ach sháraigh siad na tairseacha ábhartha don phróiseas iomaíoch sin.
- D'eascair trí chonradh dar luach €454,945 as moilleanna idirthréimhseacha ar aistriú chuig soláthraithe seirbhíse nua.
- Bhain cúig chonradh déag dar luach €117,149 le soláthairtí beaga neamhiomaíocha nár cuireadh ar áireamh roimhe sin i bpróiseas neamhiomaíoch comhlíontach a ceadaíodh roimhe sin.
- D'eascair aon chonradh is tríocha dar luach €2,304,961 as moilleanna ar phróiseas iomaíoch a chur i gcrích, mar gheall ar chineál fíortheicniúil na míreanna a bhí i gceist.
- Tháinig conradh amháin dar luach €35,823 a sháraigh suim iomlán roinnt ceannachán beag an tairseach soláthair.
- Tháinig ceithre chonradh dar luach €163,113 chun cinn ar ina leith nár lorgaíodh cead roimh sheirbhísí tréidliachta ionaid práinneacha a sholáthar go neamhiomaíoch.

Tá an Roinn tiomanta don leibhéal soláthairtí neamhchomhlíontacha a chuirtear i gcrích a laghdú agus leanann sí le díriú ar réimsí neamhchomhlíonta ar bhealach modheolaíoch pleanáilte.

Thug an Roinn sonraí faoi 85 chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil a bhaineann le ciorclán 40/02 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Leanadh le córas bainistíochta riosca na Roinne a fhorbairt agus a fheabhsú i rith 2021.

- Tá an Oifig Rioscaí, atá lonnaithe sa Rannóg Airgeadais, ag obair go lánaimseartha chun gníomhaíocht bainistíochta riosca a fhorbairt agus a threisiú ar fud na heagraíochta.
- Buaileann an Coiste Riosca, atá faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí Chúnta ar a bhfuil freagracht as rialachas agus ag a bhfuil ionadaíocht ar leibhéal an Chinn Rannóige ar fud na Roinne, le chéile ar bhonn ráithiúil agus déanann sé maoirseacht ar obair na hOifige Rioscaí.
- Tuairiscíonn an Coiste Riosca don Bhord Bainistíochta ar bhonn ráithiúil.
- Rinne an Bord Bainistíochta beartas riosca na Roinne a athbhreithniú agus a fhaomhadh i mí Iúil 2020.
- Rinne an Oifig Rioscaí Córas Bainistíochta Riosca nua – eRisk, ar cuid é de thacar feidhmchlár Built-to-Share ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – a chur i bhfeidhm i leith bhaill foirne na Roinne sa bhliain 2020. Leanadh le hoiliúint agus tacaíocht foirne a sholáthar i ndáil le Beartas Bainistíochta Riosca na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leanadh le húsáid a bhaint as an gcóras eRisk i rith 2021.
- Cuireadh nósanna imeachta ráithiúla tuairiscithe agus monatóireachta frithchalaoise chun feidhme agus coimeádann an Rannóg Airgeadais clár calaoise.

- Cuireadh tús leis an bpróiseas chun Beartas Calaoise na Roinne, a chuimsíonn an Straitéis Frithchalaoise, a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2021 agus cuirfear i gcrích é in 2022.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Rioscaí airgeadais suntasacha***

*Brexit*

Ón 1 Eanáir 2021 i leith, tá an Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann, lasmuigh de Mhargadh Aonair AE agus den Aontas Custaim. Fágann sé sin go bhfuil feidhm ag nósanna imeachta nua maidir le gnóthaí a aistríonn earraí chuig nó tríd an Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann, nó a aistríonn earraí ón Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann. Tháinig Comhaontú Trádála agus Comhair (TCA) AE-na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ag an am céanna. Foráiltear leis an gcomhaontú sin don trádáil atá saor ó tharaifí agus ó chuótaí le haghaidh earraí cáilitheacha de chuid AE agus na Ríochta Aontaithe, ach tá an comhaontú teoranta maidir le héascú na hearnála agraibhia, rud a chruthaigh dúshláin shuntasacha don earnáil agraibhia agus don Roinn. Fágann neamhchosaint na hearnála ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, agus cineál rí-chomhtháite shlabhraí soláthair na hÉireann-na Ríochta Aontaithe, go bhfuil sí leochaileach go háirithe d’éifeachtaí Brexit.

Le linn 2021, chomh maith le costais leanúnacha a bhaineann le rialuithe allmhairiúcháin a chur i bhfeidhm ar allmhairí táirgí bia ón Ríocht Aontaithe ón 1 Eanáir 2021, thabhaigh an Roinn costais bhreise a bhaineann le Brexit maidir le hullmhúcháin chun tacú leis an earnáil dul i ngleic le ceanglais rialuithe allmhairiúcháin nua na Ríochta Aontaithe i ndáil le táirgí agraibhia, go mór mór ó thaobh dheimhniúchán sláinte na n-earraí allmhairiúcháin. Áiríodh leis na costais foireann bhreise a earcú, bonneagar TF feabhsaithe a chur ar fáil, oiliúint bhreise agus costais chumarsáide chun tacú leis an earnáil a bheith réidh chun ceanglais nua na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, táthar tar éis roinnt scéimeanna tacaíochta a thabhairt isteach agus tá siad á gcur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar thionchair Brexit ar earnálacha áirithe, go háirithe maidir le hearnáil an iascaigh. Cuireadh an caiteachas seo ar fáil tríd an bpróiseas meastacháin agus déanfar breithniú ar a aisghabháil mar chuid d’éileamh na hÉireann faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit AE. Leanadh ar aghaidh le caiteachas eile a bhaineann le bearta tacaíochta Brexit don earnáil agraibhia in 2021 trí Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus an earnáil baincéireachta, agus é á ghiaráil trí mhaoiniú tosaigh ón Roinn.

***Laigí i rialú ar shócmhainní seasta***

Bunaíodh aonad tiomnaithe bainistíochta sócmhainní i mí Eanáir 2017. Tá an t-aonad freagrach as cláir sócmhainní na Roinne a fhíorú. Cuimsítear san obair sin seiceáil a dhéanamh an ann do shócmhainní caipitil atá á dtógáil, agus iad a chatagóiriú agus a ghabháil, mar aon le mionsonrú iomlán sócmhainní. Cuireadh an tionscadal i gcrích in 2021 agus rinneadh coigeartuithe ar an gclár sócmhainní de réir mar ba chuí.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm anois chun a chinntiú gurb é atá sa chlár sócmhainní anois ná taifead cruinn go bhfuil na sócmhainní ann agus ar a luacháil, agus tá na laigí rialuithe a tuairiscíodh cheana maolaithe anois.

***Slándáil TFC***

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córas TFC. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais sin go rialta. Tá nósanna imeachta cúltaca/athshlánaithe doiciméadaithe i bhfeidhm le haghaidh na sonraí criticiúla ar fad, lena n-áirítear úsáid a bhaint as seirbhísí seachtracha stórála sláine agus saoráidí athshlánaithe ó thubaiste. Tá aonaid thiomnaithe chomhordaithe slándála TFC agus chibearshlándála ag an Roinn agus déanann sí obair réamhghníomhach ar shlándáil faisnéise a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá socruithe slándála TFC faoi réir athbhreithniú ag rannóg iniúchóireachta TF an aonaid iniúchóireachta inmheánaí. Lena chois sin, tá an Roinn, ina ról mar ghníomhaireacht íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir iniúchadh creidiúnaithe bliantúil. Tá creidiúnú ag an Roinn faoi chaighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistíocht Slándáil Faisnéise, mar bhonn lena slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin sin, tá an Roinn faoi réir iniúchtaí leathbhliantúla lena chinntiú go bhfuil caighdeán Slándála Faisnéise ISO 27001:2013 á chomhlíonadh go leanúnach.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag Roinn ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ag an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

D'ainneoin go raibh paindéim Covid-19 fós ar siúl in 2021, lean próisis chigireachta agus deimhniúcháin na Roinne ag feidhmiú mar a bhí roimhe sin. Bhí an phaindéim mar bhonn le roinnt athruithe sa timpeallacht oibre agus rialaithe i réimsí eile gnó laistigh den Roinn agus thosaigh daoine ag obair ó chian agus go fíorúil mar ghnás. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, chuir an lucht bainistíochta measúnú riosca iomlán ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe i gcrích. Deimhním gurb éifeachtach fós atá na rialuithe a bhí ann cheana agus iad sin a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

**Brendan Gleeson**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

30 Márta 2022

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### *Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar/faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cás/cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conradh/conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2021.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d’fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d’iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d’aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m’iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m’iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 322,973 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 600 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,500) | | | |
| | | | 322,073 | 301,657 | 278,683 |
| B | Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála | | | | |
| | *Bunaidh* | 937,088 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 31,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (37,899) | | | |
| | | | 930,189 | 823,914 | 871,290 |
| C | Beartas agus Straitéis | | | | |
| | *Bunaidh* | 398,281 | | | |
| | *Forlíontach* | 30,300 | | | |
| | | | 428,581 | 402,846 | 392,808 |
| D | An Earnáil Bia Mara | | | | |
| | *Bunaidh* | 167,776 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,100 | | | |
| | | | 176,876 | 164,301 | 132,213 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,826,118 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 31,600 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **1,857,719** | **1,692,718** | **1,674,994** |
| | *Lúide* | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **363,789** | **386,665** | **388,488** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,462,329 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 31,600 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **1,493,930** | **1,306,053** | **1,286,506** |

**Farasbarr**

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar gach cuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil, nó aon chuid díobh, a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €29.9 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil den Vóta anonn go 2022 (Nóta 6.6).

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 187,877,467 | 135,953,184 |
| Géilleadh iarchurtha | (29,900,000) | (31,600,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **157,977,467** | **104,353,184** |

**Brendan Gleeson**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

30 Márta 2022

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais an chláir | | 1,392,409 | 1,389,124 |
| Pá | | 211,253 | 192,835 |
| Neamhphá | | 89,056 | 93,035 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,692,718** | **1,674,994** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **386,665** | **388,488** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,306,053** | **1,286,506** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (4,296) | | |
| Brabús ar dhiúscairtí | (24) | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 24 | | |
| Dímheas | 2,736 | (1,560) | (1,405) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méaduithe ar fhabhruithe deiridh | 5,886 | | |
| Laghdú ar stoc | 220 | 6,106 | 8,537 |
| **Caiteachas díreach** | | **1,310,599** | **1,293,638** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 82,773 | 77,664 |
| Measchíosanna | | 8,026 | 8,027 |
| **Glanchostas an chláir** | | **1,401,398** | **1,379,329** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 30 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 6 | 13 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 78,077 | 73,040 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,476 | 3,472 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 371 | 369 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 560 | 495 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 283 | 275 |
| | | **82,773** | **77,664** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 8,491 | 14,051 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 166,402 | 82,501 |
| Stoic | 2.3 | 2,067 | 2,287 |
| *Ioncam fabhraithe:* | | | |
| Maoiniú CETFT atá dlite ó AE | | 158,537 | 152,437 |
| Suimeanna eile atá dlite ó AE | | 5,162 | 5,562 |
| Ró-íocaíochtaí scéime | 6.2 | 668 | 1,367 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | | 11,027 | 11,227 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 39,059 | 44,332 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 542 | 1,157 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **383,464** | **300,870** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 18,908 | 13,494 |
| Ioncam iarchurtha | | 4 | 4 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 28,920 | 26,593 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 138,024 | 57,065 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **185,856** | **97,156** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 197,608 | 203,714 |
| **Glansócmhainní** | | **206,099** | **217,765** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **206,099** | **217,765** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Mótarfheithiclí agus innealra eile | Troscán agus feistis | Trealamh oifige agus trealamh eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 145,696 | 7,891 | 14,795 | 92,581 | 260,963 |
| Breiseanna | 1,335 | 797 | — | 2,164 | 4,296 |
| Diúscairtí | — | (148) | — | (652) | (800) |
| Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní [a] | (113,223) | (658) | (10,570) | (61,747) | (186,198) |
| Coigeartú: tairseach tuairiscithe sócmhainní [b] | (28,990) | (947) | (4,107) | (8,976) | (43,020) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | **4,818** | **6,935** | **118** | **23,370** | **35,241** |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 138,452 | 6,159 | 14,256 | 88,045 | 246,912 |
| Dímheas don bhliain | 804 | 518 | 13 | 1,401 | 2,736 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (148) | — | (652) | (800) |
| Coigeartú le haghaidh tionscadal fíoraithe sócmhainní [a] | (113,223) | (658) | (10,568) | (61,746) | (186,195) |
| Coigeartú le haghaidh tairseach tuairiscithe sócmhainní [b] | (23,492) | (819) | (3,675) | (7,917) | (35,903) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | **2,541** | **5,052** | **26** | **19,131** | **26,750** |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **2,277** | **1,883** | **92** | **4,239** | **8,491** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 7,244 | 1,732 | 539 | 4,536 | 14,051 |

Nótaí

[a] Cuireadh an tionscadal fíoraithe sócmhainní i gcrích in 2021 agus bhí coigeartú ag teastáil chun sócmhainní a aistarraingíodh agus sócmhainní atá imithe i léig a bhaint den chlár.

[b] Mar a luadh cheana i gCiorclán 27/2019 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, méadaíodh an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a áireamh ar an ráiteas ar shócmhainní caipitil go €10,000 i gcás sócmhainn aonair. Ghlac an Roinn an beartas seo in 2021 agus baineann an coigeartú seo le sócmhainní aonair a mbaineann luach faoi bhun €10,000 leo a bhaint den chuntas.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 165,934 | 81,123 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 468 | 1,378 |
| | **166,402** | **82,501** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Soláthairtí tréidliachta | 1,743 | 1,415 |
| Beostoc | 276 | 202 |
| Stoc talmhaíochta | 39 | 111 |
| Trealamh sábháilteachta | 9 | 22 |
| Soláthairtí agus ceimiceáin saotharlainne | — | 516 |
| Stoic ola | — | 16 |
| Soláthairtí glantacháin | — | 5 |
| | **2,067** | **2,287** |

Nóta Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar mhíreanna stoic in 2021, baineadh catagóirí míre íseal-luacha agus ardláimhdeachais den iarmhéid stoic.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí leis an gClár Domhanda Bia (Nóta 6.5) | 25,000 | 25,000 |
| Deontais taighde, cháilíochta agus deimhniúcháin | 7,892 | 2,711 |
| Teicneolaíocht bainistíochta faisnéise | 3,543 | 2,937 |
| An Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí | 1,114 | 11,000 |
| Eile | 1,032 | 490 |
| Síntiúis | 478 | 2,194 |
| | **39,059** | **44,332** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Airleacain tuarastal | 3 | 551 |
| Óinchistí agus costais taistil in-fhorchúitithe | 69 | 104 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 470 | 381 |
| Eile | — | 121 |
| | **542** | **1,157** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Fabhruithe clár sonrach | 16,701 | 11,273 |
| Speansais riaracháin | 1,278 | 1,976 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 929 | 245 |
| | **18,908** | **13,494** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,299 | 2,880 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 2,041 | 1,781 |
| Cáin shiarchoinneálach | 1,887 | 1,493 |
| Cáin bhreisluacha | 1,149 | 804 |
| Cáin conarthaí iomchuí | 23 | 15 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 402 | 721 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 20 | 30 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 644 | 572 |
| | 9,465 | 8,296 |
| Urrúis | 3,052 | 2,506 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 375 | 180 |
| Airleacan AE | 11,797 | 13,007 |
| Ilghnéitheach | 4,231 | 2,604 |
| | **28,920** | **26,593** |

## 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le géilleadh | 157,977 | 104,353 |
| Géilleadh iarchurtha | 29,900 | 31,600 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (49,853) | (78,888) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **138,024** | **57,065** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 166,402 | 82,501 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 542 | 1,157 |
| | 166,944 | 83,658 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (9,465) | (8,296) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (19,455) | (18,297) |
| | (28,920) | (26,593) |
| | | |
| | **138,024** | **57,065** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | €000 | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 217,765 | 224,898 |
| | | | | |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,493,930 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (29,900) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (157,977) | | |
| Glanvóta | | | 1,306,053 | 1,286,506 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 82,773 | 77,664 |
| Míreanna neamhairgid - coigeartú le haghaidh fíorú sócmhainní agus le haghaidh tairseach tuairiscithe sócmhainní | 2.1 | | (7,120) | — |
| Míreanna neamhairgid - sócmhainní aistrithe | 2.1 | | — | (1) |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 8,026 | 8,027 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (1,401,398) | (1,379,329) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **206,099** | **217,765** |

## 2.10 Ceangaltais

**Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 146,680 | 78,672 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 448,490 | 395,731 |
| Cláir deontas caipitil | 662,035 | 617,319 |
| Mórthionscadal caipitil | 70 | 600 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **1,257,275** | **1,092,322** |

**Ceangaltais clár deontas neamhchaipitil**

| | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | Dlite 2022 | Blianta ina dhiaidh sin | Iomlán | Iomlán |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin | 195,816 | 39,339 | 235,155 | 242,190 |
| An Clár Domhanda Bia | 25,000 | 25,000 | 50,000 | — |
| Scéimeanna faoi stiúir áitiúil – reatha | 23,645 | 5,975 | 29,620 | 34,671 |
| Deontais don earnáil orgánach | 19,123 | 7,466 | 26,589 | 15,947 |
| Leas na gcaorach | 18,860 | 2,500 | 21,360 | 19,500 |
| Taighde ar bhia | 16,250 | 51,478 | 67,728 | 62,458 |
| Clár géanómaíochta sonraí mairteola | 4,775 | — | 4,775 | 15,184 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - Babhta Nua | 3,897 | 1,670 | 5,567 | — |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh | 2,300 | 2,796 | 5,096 | 2,936 |
| Beart Ionchorpraithe Tuí | 517 | — | 517 | — |
| An Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht | 385 | 100 | 485 | 877 |
| Íocaíochtaí anáidí feirme | 149 | 1,202 | 1,351 | 1,500 |
| Bainne agus torthaí scoile | 111 | 111 | 222 | 333 |
| Aistriú eolais | 25 | — | 25 | 135 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **310,853** | **137,637** | **448,490** | **395,731** |

**Ceangaltais clár deontas caipitil**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 617,319 | 609,011 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (186,737) | (171,655) |
| Ceangaltais nua | 282,553 | 214,386 |
| Dídhílsithe deontas | (51,100) | (34,423) |
| **Iarmhéid deiridh** | **662,035** | **617,319** |

**Ceangaltais clár deontas caipitil**

| | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | Dlite 2022 €000 | Blianta ina dhiaidh sin €000 | Iomlán €000 | Iomlán €000 |
| Foraoisiú | 87,031 | 422,695 | 509,726 | 505,868 |
| Scéimeanna nuachóirithe talmhaíochta spriocdhírithe | 75,044 | — | 75,044 | 64,662 |
| An clár caipitil um Lárionaid Chuanta Iascaigh | 19,332 | 1,370 | 20,702 | 18,730 |
| Deontais infheistíochta caipitil | 7,000 | 28,000 | 35,000 | 901 |
| Tionscnaimh bhia LEADER | 4,000 | 6,500 | 10,500 | 7,930 |
| Scéim ghairneoireachta | 3,721 | — | 3,721 | 2,651 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal | 2,753 | 1,180 | 3,933 | — |
| Scéimeanna faoi stiúir áitiúil - caipiteal | 24 | — | 24 | 70 |
| Scéimeanna iasachta Brexit - SBCI | — | 3,385 | 3,385 | 14,000 |
| Mol Nuálaíochta Bia | — | — | — | 1,150 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal | — | — | — | 1,357 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **198,905** | **463,130** | **662,035** | **617,319** |

**Ceangaltais mórthionscadal caipitil**

| Tionscadal | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 €000 | Caiteachas in 2021 €000 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin €000 | Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2021 €000 | Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | 25,337 | 450 | 70 | 25,857 | 25,937 |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

**Oibríochtaí AE**

1. Tá an Roinn ar an eolas faoi fhionraí shealadach faoi Chlár Oibríochtúil Chiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) na hÉireann mar thoradh ar mhoill a bheith ar chur chun feidhme chóras pointí AE faoi Rialacháin AE.

   Ó shin i leith, bhunaigh an tAire rialacháin a chomhlíonann go hiomlán na ceanglais ábhartha a bhaineann le córas na bpointí do shealbhóirí ceadúnas bád iascaireachta mara. Tá na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoi na rialacháin seo i bhfeidhm anois.

   Tá foráil choiteann ann in alt 15(4) den Acht Iascaigh Mhara (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022, go dtiocfaidh an tAcht i bhfeidhm díreach tar éis a achtaithe trí thosach feidhme ina sonrófar lá/dáta achtaithe fhorálacha an Achta. Tá sé beartaithe go gcuirfear an tAcht i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. Shínigh an tUachtarán an Bille Iascaigh Mhara (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022 (uimh. 2 de 2022), ina dhlí an 15 Márta 2022.

   Cé go ndéanann Éire gach iarracht na hoibleagáidí faoi Rialachán AE maidir le Rialú ar Iascach a chomhlíonadh, chuir an Coimisiún Eorpach íocaíochtaí aisghabhála d'Éirinn le haghaidh caiteachas rialaithe agus forfheidhmiúcháin ar fionraí in 2018 agus bhí €24.437 milliún in íocaíochtaí ar fionraí á siarchoinneáil ag deireadh 2021.

   Foráiltear le Rialacháin AE nach mór don Choimisiún na híocaíochtaí ar fionraí a scaoileadh nuair atá ceanglais chóras na bpointí á gcomhlíonadh go hiomlán ag Éirinn.

2. Tá an Roinn ar an eolas faoi smachtbhannaí féideartha a bhaineann le nithe a sainaithníodh i ndiaidh Fiosrúchán Riaracháin de bhua Airteagal 102(2) de Rialachán Rialaithe 1224/2009 ó AE maidir le hábhair a bhaineann le rialú ar iascach mara. Fuair an tAire cinntí ó Choimisiún AE agus tá an Roinn agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, a bhfuil freagracht dhlíthiúil air as rialú oibríochtúil, i mbun rannpháirtíocht iomlán leis an gCoimisiún chun na cúrsaí seo a chur ar aghaidh, agus lean an rannpháirtíocht seo ar aghaidh le linn 2021. Baineann éiginnteacht fós le cineál agus uainiú aon dliteanas ionchasach.

3. Chomh maith leis sin, tá an Roinn ar an eolas faoi dhícheaduithe féideartha maidir leis na próisis iniúchóireachta seo a leanas atá ar siúl faoi láthair. Baineann éiginnteacht fós le suim nó uainiú aon dliteanas féideartha.

- Iniúchadh neamh-IACS 2019 ó CETFT - Rinneadh an t-iniúchadh i mí na Samhna 2019 agus reáchtáladh cruinniú déthaobhach i mí na Samhna 2020. Tá an próiseas comhréitigh curtha i gcrích anois agus táthar ag feitheamh le haghaidh an bhreithnithe dheireanaigh.

- Iniúchadh ar Theidlíochtaí (NR/YFS) 2021 – Reáchtáladh cruinniú déthaobhach an 22 Márta 2022 agus tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara fós ag fanacht chun miontuairiscí an chruinnithe a fháil. Ba cheart go bhfaighfí iad laistigh de 30 lá. Chomh maith leis sin, léirigh an Coimisiún go mbeadh tuilleadh eolais á lorg acu i miontuairiscí an chruinnithe.

- Glanadh Cuntas 2020 (a bhaineann le GLAS / OFS) – Reáchtáladh cruinniú déthaobhach maidir leis an iniúchadh i mí na Samhna 2021, agus ina dhiaidh sin, chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tuilleadh eolais ar fáil. Táthar ag fanacht anois ar fhreagra ó DGAGRI.

- Iniúchadh Deisce ANC 2021 – Fuarthas na miontuairiscí déthaobhacha an 11 Feabhra 2022 agus tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag ullmhú a freagra faoi láthair.
- Iniúchadh na hEagraíochta Táirgeoirí 2021 – Reáchtáladh cruinniú déthaobhach ar an 8 Márta 2022 táthar ag fanacht chun miontuairiscí an chruinnithe a fháil.

**Eile**

Tá an Roinn gafa le roinnt áirithe imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Baineann éiginnteacht le suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána na gclár a chur i láthair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 214,031 | 211,253 | 192,835 |
| ii. | Taisteal agus cothú | 7,299 | 5,400 | 5,706 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 7,918 | 5,357 | 5,101 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 5,302 | 4,348 | 4,376 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 59,581 | 48,489 | 42,299 |
| vi | Costais áitribh oifige | 23,473 | 15,456 | 26,818 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 218 | 192 | 85 |
| viii | Bearta forlíontacha chun leasanna airgeadais AE a chosaint | 870 | 1,088 | 837 |
| ix | Seirbhísí saotharlainne | 8,447 | 8,726 | 7,813 |
| | | **327,139** | **300,309** | **285,870** |

### Difríochtaí suntasacha

Déantar sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €7.299 milliún; toradh €5.4 milliún*

D'eascair an t-easnamh €1.899 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as taisteal laghdaithe mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Ar aon dul le srianta rialtais, níor mhol an Roinn ach taisteal riachtanach, rud ba chúis le laghdú foriomlán ar chostais taistil agus chothaithe don bhliain.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €7.918 milliún; toradh €5.357 milliún*

Bhain an t-easnamh €2.561 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na cúiseanna seo a leanas go príomha. Rinneadh coigilteas €859,000 in oiliúint sláinte agus sábháilteachta agus i gcostais ghinearálta um oiliúint foirne, toisc gur cuireadh oiliúint ar fáil go fíorúil seachas a bheith bunaithe sa seomra ranga. Rinneadh coigilteas €479,000 i soláthar cuntasaíochta teicniúla a bhí ag ligean d'easnaimh in airgeadra eachtrach nach raibh ag teastáil. Rinneadh coigilteas €316,000 i gcúrsaí fógraíochta toisc nár leanadh ar aghaidh le roinnt feachtas faisnéise a bhí beartaithe. Anuas air sin, ní raibh an soláthar a bhí déanta le haghaidh cás dlí ag teastáil.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €23.473 milliún; toradh €15.456 milliún*

Bhain an t-easnamh €8.017 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na cúiseanna seo a leanas go príomha. D'eascair coigilteas €667,000 ó chostais fuinnimh de réir mar a leanann an Roinn ar aghaidh ag laghdú costais fuinnimh i gcomhréir leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus toisc gur fhill líon ní ba lú foirne ar na hoifigí in 2021. D'eascair coigilteas €2.629 milliún freisin ó thaobh costas cíosa as soláthar méadaithe a bhí ann mar thoradh ar neamhchinnteacht go méadófaí costais chíosa. D'eascair coigilteas €3.651 milliún ón gcaitheamh caipitil i bPort Bhaile Átha Cliath de bharr meascán de thosca, lena n-áirítear moilleanna tógála de dheasca phaindéim Covid-19 agus obair eile nach ndeachaigh ar aghaidh mar thoradh ar chostais a bheith ag ardú.

**viii Bearta forlíontacha chun leasanna airgeadais AE a chosaint**

*Soláthar meastacháin €870,000; toradh €1.088 milliún*

Tharla an méadú €218,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh mar thoradh ar chostais a bhain leis an iniúchadh comhlachta deimhniúcháin, ar costais iad a ghearrtar ar bhonn bhliain airgeadais AE agus lenar áiríodh íocaíocht de réir dul chun cinn ar an iniúchadh (Deireadh Fómhair 2021-Deireadh Fómhair 2022). Níor cuireadh uainiú na híocaíochta de réir dul chun cinn san áireamh sa mheastachán do 2021.

## Clár A Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán − pá | | 125,081 | 123,458 | 112,694 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 71,045 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,500) | | | |
| | | | 69,545 | 55,877 | 61,956 |
| A.3 | Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 126,847 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 600 | | | |
| | | | 127,447 | 122,322 | 104,033 |
| | | | **322,073** | **301,657** | **278,683** |

## Clár B Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála

| | | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán − pá | | | 61,206 | 60,411 | 55,144 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,468 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,500) | | | |
| | | | | 21,968 | 22,458 | 21,097 |
| B.3 | Scéimeanna um agra-chomhshaol | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 290,089 | | | |
| | | *Forlíontach* | (21,350) | | | |
| | | | | 268,739 | 226,665 | 228,164 |
| B.4 | Scéim na limistéar faoi shrianta nádúrtha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 250,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | 249,000 | 246,812 | 247,324 |
| B.5 | Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt | | | | | |
| | | *Soláthar meastacháin* | 59,911 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 31,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,300) | | | |
| | | | | 87,611 | 73,158 | 81,193 |
| B.6 | Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola | | | 85,350 | 78,068 | 130,126 |
| B.7 | Aistriú eolais | | | 500 | 58 | 2,476 |
| B.8 | Scéim leasa ainmhithe le haghaidh caorach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 17,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,500 | 18,500 | 17,881 | 16,755 |
| B.9 | An scéim luathscoir | | | — | (27) | (30) |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 103,243 | | | |
| | | *Forlíontach* | (7,000) | | | |
| | | | | 96,243 | 69,567 | 79,218 |
| B.11 | Costais rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 17,720 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | | 17,721 | 14,556 | 9,752 |
| B.12 | Scéimeanna Eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 601 | | | |
| | | *Forlíontach* | (250) | | | |
| | | | | 351 | 93 | 71 |

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.13 | Bearta cánach carbóin | | 23,000 | 14,214 | — |
| | | | 930,189 | 823,914 | 871,290 |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas i ndáil le Clár B €144.174 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá an t-athrú €6.805 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Seo a leanas na príomhchúiseanna le hiarmhéid na difríochta, a bhí cothrom le €137.369 milliún.

**B.3 Scéimeanna agra-chomhshaoil**

*Soláthar meastacháin €290.089 milliún; toradh €226.665 milliún*

Baineann an t-easnamh caiteachais €63.424 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas ar fud roinnt scéimeanna; seo a leanas na cinn phríomha:

Rinneadh coigilteas €14.812 milliún sa Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear laghdú i líon na rannpháirtithe gníomhacha i dtráinsí GLAS 1 agus GLAS 2 agus laghdú ar líon na rannpháirtithe gníomhacha in GLAS 3.

Rinneadh coigilteas €15.049 milliún i scéimeanna níotráití toisc nár thosaigh scéim amháin go dtí mí na Samhna 2021 agus tá scéim eile beartaithe le tosú in 2022.

Rinneadh coigilteas €27.684 milliún faoin bpacáiste téarnaimh Next Generation EU (NGEU) ar na cúiseanna éagsúla seo a leanas: bhain an gannchaitheamh €7.215 milliún faoi Scéim Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe II (TAMS II) go príomha le huainiú an mhaoinithe a bheith ar fáil toisc nach raibh ach ceaduithe a eisíodh ón 1 Aibreán 2021 incháilithe agus tá 12 mhí ag iarratasóirí éileamh a dhéanamh seo agus, mar sin, feicfear an caitheamh in 2022; bhain an gannchaitheamh €4.578 milliún i Scéim na Feirmeoireachta Orgánaí le líon ní ba lú rannpháirtithe sa scéim ná mar a bhíothas ag súil leis agus níor eisíodh na réamhíocaíochtaí do na rannpháirtithe go léir mar gheall ar éilimh nach raibh na bailíochtaí iomchuí bainte amach acu fós; bhain an gannchaitheamh €2.886 milliún i scéimeanna na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuálaíocht le leithdháileadh bliana iomláine sna meastacháin nuair nár cuireadh tús leis an nGlao go dtí lár na bliana 2021; tharla an t-easnamh €3.276 milliún faoin mBeart Ionchorpraithe Tuí toisc go bhfuil an scéim bunaithe ar éileamh agus bhí líon na n-iarratas ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis; agus tharla an gannchaitheamh €10 milliún sa Scéim Agra-Chomhshaoil toisc nár thosaigh an scéim go dtí 2022.

**B.5 Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt**

*Soláthar meastacháin €90.911 milliún; toradh €73.158 milliún*

Baineann an t-easnamh caiteachais €17.753 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh go príomha le coigilteas €15.643 milliún a d'eascair i scéimeanna TAMS II agus a bhain le luach mór na gceadanna a d'imigh in éag in 2021, agus leis na srianta tromchúiseanna a cuireadh i bhfeidhm san earnáil tógála de dheasca fadhbanna le slabhra an tsoláthair a tharla mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus Brexit.

**B.6 Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola**

*Soláthar meastacháin €85.35 milliún; toradh €78.068 milliún*

Tháinig an t-easnamh caiteachais €7.282 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh do scéimeanna mairteola chun cinn toisc go raibh scéim idirthréimhseach i bhfeidhm in 2021 le haghaidh rannphháirtithe sa Chlár Sonraí agus Géanómaíochta Mairteola (BDGP). Tháinig laghdú ar líon na rannpháirtithe gníomhacha ó BDGP I chuig an scéim idirthréimhseach in 2021.

**B.7 Aistriú eolais**

*Soláthar meastacháin €500,000; toradh €58,000*

Bhain an t-easnamh caiteachais €442,000 i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le haistarraingtí ón scéim a bheith á bpróiseáil go leanúnach, agus níor chuir roinnt rannpháirtithe ceanglas uile na scéime i gcrích, agus mar sin bhí na híocaíochtaí ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leo.

**B.8 Scéim leasa ainmhithe do chaoirigh**

*Soláthar meastacháin €17 milliún; toradh €17.881 milliún*

D'eascair an méadú ar chaiteachas de €881,000 i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar thoradh ar mhéadú ar an uimhir thagartha d'ainmhithe a bhí i dteideal íocaíochta.

**B.10 Foraoiseacht agus bithfhuinneamh**

*Soláthar meastacháin €103.243 milliún; toradh €69.567 milliún*

Bhain an t-easnamh €33.676 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le heasnamh €33.666 milliún sna scéimeanna foraoiseachta.

Bhain an t-easnamh €31.058 milliún i gcaiteachas caipitil le roinnt tosca criticiúla, e.g., toisc go bhfuil an scéim bunaithe ar éileamh agus nach raibh an t-éileamh chomh mór agus a bhíothas ag súil leis, ós rud é i bpáirt go raibh moilliú ann ó thaobh ceadúnas foraoiseachta a eisiúint toisc go raibh nósanna imeachta nua i bhfeidhm agus ionchur éiceolaíochta ní ba mhó ag teastáil. Lena chois sin, roghnaigh roinnt daoine aonair ligean dá bpréimheanna carnadh chun bulc-éileamh a dhéanamh am éigin amach anseo.

Bhí líon na n-achomharc a bhain le deonú ceadúnas foraoiseachta le haghaidh plandú, agus le haghaidh tógáil bóithre foraoise, mar bhonn le riaráistí suntasacha agus bhí tionchar aige ar eisiúint íocaíochtaí freisin. Ní dhearnadh ach leath de na heicteáir a ceadaíodh in 2021 a phlandú.

Bhí gannchaitheamh €2.608 milliún i gceist ar an gcaiteachas reatha toisc go raibh roinnt mhaith tionscadal tacaíochta coillte déanach ag tosú agus ní dhearna siad éileamh in 2021. Níor reáchtáladh geall le himeacht promóisin duine le duine ar bith in 2021 agus ciorraíodh gníomhaíochtaí lenar bhain obair allamuigh de dheasca phaindéim Covid-19, mar aon leis an Scéim Aistrithe Eolais Foraoiseachta.

**B.11 Costais scéimeanna rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile**

*Soláthar meastacháin €17.72 milliún; toradh €14.556 milliún*

Bhain an t-easnamh i gcaiteachas dar luach €3.164 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas €2.25 milliún sa scéim idirghabhála a bhaineann le stóráil phoiblí táirgí talmhaíochta. Ní dhearnadh aon chaiteachas sa réimse seo toisc nach raibh aon táirge á choinneáil faoi stóráil phoiblí. Is cinneadh a dhéantar ag leibhéal AE agus a chuireann staid an mhargaidh san áireamh é an cinneadh chun táirge a cheannach agus a chur faoi stóráil phoiblí. Chun a chinntiú go bhfuil an Roinn in ann a leithéid de scéim a bhainistiú, tá gá ann le buiséad bliantúil a choinneáil.

**B.12 Scéimeanna eile**

*Soláthar meastacháin €601,000; toradh €93,000*

Bhain an t-easnamh caiteachais €508,000 i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh go príomha le coigilteas €500,000 ar threoirscéim athlonnaithe clós feirme a bhíonn buailte ag tuilte. Thionscain an Roinn staidéar féidearthachta maidir le scéim a bhaineann le hathlonnú deonach clós feirme agus bhí an obair sin á déanamh laistigh de théarmaí an Ghrúpa Beartais Idir-Rannaigh um Thuilte, ach níor eascair caiteachas caipitil ar bith in 2021.

**B.13 Bearta cánach carbóin**

*Soláthar meastacháin €23 mhilliún; toradh €14.214 milliún*

Bhain an t-easnamh caiteachais €8.786 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh go príomha le coigilteas a rinneadh sa Chlár Píolótach Agra-Chomhshaoil Torthaí-Bhunaithe (REAP) toisc go bhfuil cuid mhór den íocaíocht REAP bunaithe ar thorthaí, agus leibhéal na híocaíochta bunaithe ar chóras scórchárta. Toisc gur treoirthionscadal í an scéim, bhí na meastacháin bhunaidh bunaithe ar luachanna scórchárta measta a bhí ní b'airde ná na luachanna measúnaithe iarbhír nuair a rinneadh anailísiú ar na sonraí éilimh. Bhain coigilteas breise le líon ní ba lú iarratas ceadaithe ná mar a bhíothas ag súil leis, agus leis an gcaiteachas freisin i leith 2021 a thitfidh isteach in 2022 toisc gur féidir éilimh a chur isteach suas go dtí an 31 Iúil 2022.

## Clár C Beartas agus Straitéis

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | 17,442 | 17,216 | 15,715 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 7,178 | 5,706 | 5,258 |
| C.3 | Taighde, cáilíocht agus deimhniúchán | | 29,893 | 29,510 | 26,094 |
| C.4 | Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn | | 15,422 | 5,567 | 3,999 |
| C.5 | Deontas do Theagasc | | 145,793 | 141,943 | 144,373 |
| C.6 | Deontas do Bhord Bia | | 52,550 | 51,550 | 46,935 |
| C.7 | An Ciste Rásaíochta Capall agus Rásaíochta Con | | 97,500 | 96,000 | 84,000 |
| C.8 | Ciste um Nuálaíocht agus Forbairt Tuaithe Cedra | | 1,500 | 1,487 | 1,497 |
| C.9 | Tabhartais chúnaimh bia – an Clár Domhanda Bia | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 25,000 | | | |
| | | | 25,000 | 25,000 | 25,700 |
| C.10 | Scéimeanna iasachta SBCI | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,400 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,300 | | | |
| | | | 18,700 | 16,198 | 25,705 |
| C.11 | Seirbhísí eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 19,603 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,000) | | | |
| | | | 17,603 | 12,669 | 13,532 |
| | | | **428,581** | **402,846** | **392,808** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas i ndáil le Clár C €4.565 milliún níos airde ná an meastachán bunaidh. Tá tearc-chaitheamh €1.698 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Bhain iarmhéid an róchaithimh fritháirithe dar luach €6.263 milliún leis na nithe seo a leanas go príomha.

### C.4 Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn

*Soláthar meastacháin €15.422 milliún; toradh €5.567 milliún*

Bhain an t-easnamh €9.855 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na seo a leanas go príomha.

- D'eascair coigilteas €7 milliún as Scéim Infheistíochta Caipitil Brexit toisc go mbíonn scéimeanna infheistíochta caipitil den sórt sin casta agus bíonn gá le hullmhú suntasach agus pleanáil shuntasach agus, mar sin, ní dhearna cuideachta ar bith éileamh in 2021. Beidh an Scéim ar siúl ar feadh roinnt blianta agus tarraingeofar maoiniú anuas de réir mar a chuirtear tionscadail chaipitil i gcrích. Tá na meastacháin bunaithe ar chomhairle ó Fhiontraíocht Éireann. Táthar ag súil leis go gcuirfear tús le tionscadail in 2022.
- Rinneadh coigilteas €971,000 agus oifig nua á bunú - an tOmbudsman Náisiúnta Bia. Mar bheart idirthréimhseach, bhí Oifigigh na Roinne ag feidhmiú mar fhoireann an údaráis nua agus, mar sin, ní raibh aon ghá le maoiniú ó bhuiséad an Ombudsman Bia a úsáid le haghaidh cúrsaí foirne, áitribh nó seirbhísí coimhdeacha in 2021. Rinneadh coigilteas breise €300,000 toisc go raibh an caitheamh ar leathnú an Ionaid Bia Ullmhaithe do Thomhaltóirí ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis agus rinneadh coigilteas €329,000 toisc go raibh glacadh mall ann le Ciste Tionscnaimh Bia LEADER toisc go raibh gnólachtaí cúramach ina ngníomhaíochtaí mar thoradh ar an neamhchinnteacht gheilleagair a bhí ann de dheasca Brexit agus phaindéim Covid-19.

### C.9 Tabhartais chúnaimh bia – an Clár Domhanda Bia

*Soláthar meastacháin €nialas; toradh €25 mhilliún*

D'eascair an méadú €25 mhilliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh as eisíocaíocht airleacain i ndáil le ranníocaíocht na hÉireann in 2022 faoin gcomhaontú comhpháirtíochta straitéisí 2022-2024, rud a rinneadh i mí na Nollag 2021 i ndiaidh iarraidh a fháil ón gClár Domhanda Bia. Tá an tsuim seo curtha ar áireamh sna réamhíocaíochtaí sa ráiteas faoin staid airgeadais.

### C.10 Scéimeanna iasachta SCBI

*Soláthar meastacháin €11.4 milliún; toradh €16.198 milliún*

Bhain an t-easnamh caiteachais €4.798 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na ranníocaíochtaí luathaithe ar an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí.

### C.11 Seirbhísí eile

*Soláthar meastacháin €19.603 milliún; toradh €12.669 milliún*

Bhain an t-easnamh €6.934 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na seo a leanas go príomha.

- Rinneadh coigilteas €2.736 milliún toisc nach raibh an soláthar stuama bliantúil le haghaidh seirbhísí dlíthiúla ag teastáil le linn na bliana. Rinneadh coigilteas €2 mhilliún sa Chlár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Chomhairleoirí toisc nár síníodh an conradh don tairiscint ardáin ach amháin i ráithe a ceathair de 2022 agus nár síníodh an tairiscint ábhair ach amháin in 2022.
- Rinneadh coigilteas €641,000 freisin ós rud é nár reáchtáladh imeachtaí Eachspórt Éireann de dheasca phaindéim Covid-19.

## Clár D An Earnáil Bia Mara

| | | | | 2020 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán − pá | | | 10,302 | 10,168 | 9,282 |
| D.2 | Riarachán − neamhphá | | | 6,417 | 5,015 | 4,724 |
| D.3 | Iascach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 42,907 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,900) | | | |
| | | | | 38,007 | 36,375 | 29,828 |
| D.4 | Deontas d'Fhoras na Mara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 43,990 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | | | 48,990 | 48,351 | 37,105 |
| D.5 | Deontas don Bhord Iascaigh Mhara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 38,750 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11,000 | | | |
| | | | | 49,750 | 45,900 | 37,500 |
| D.6 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 24,810 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,000) | | | |
| | | | | 22,810 | 18,042 | 13,197 |
| D.7 | Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | | | 600 | 450 | 577 |
| | | | | **176,876** | **164,301** | **132,213** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000). Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil le Clár D €3.475 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá an t-athrú €1.536 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Seo a leanas na príomhchúiseanna le hiarmhéid na difríochta, a bhí cothrom le €1.939 milliún.

**D.3 Iascach**

*Soláthar meastacháin €42.907 milliún; toradh €36.375 milliún*

Bhain an t-easnamh €6.532 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na seo a leanas go príomha.

- D'eascair coigilteas €3.81 milliún i mbuiséad na Rannóige Innealtóireachta Muirí as moilleanna ar thionscadail leanúnacha agus as moilleanna ó thaobh tionscadail nua a thosú de dheasca phaindéim Covid-19.

- D’eascair coigilteas €1.585 milliún sa chlár Forbartha Bia Mara go príomha as tearc-chaitheamh ar thionscadail um Pleanáil Spásúlachta Muirí faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) arna ndéanamh ag Foras na Mara agus ós rud é nár thosaigh an córas TF a bhí á fhorbairt chun CEMI a sheirbhísiú mar a bhíothas ag súil leis go déanach in 2021.
- D’eascair coigilteas €917,000 sa réimse um Chomhlíonadh Comhshaoil as gannchaitheamh laistigh de Scéim Bithéagsúlachta Muirí CEMI thar réimse tionscadal éagsúil arna gcur i bhfeidhm ag Foras na Mara. I measc na gcúiseanna a bhain leis na moilleanna seo, bhí moilleanna ó thaobh tionscadail a cheadú, tosú, soláthar agus saotharlanna a bheith dúnta nó gann ar fhoireann.

**D.4 Deontas d’Fhoras na Mara**

*Soláthar meastacháin €43.99 milliún; toradh €48.351 milliún*

Rinneadh an méadú caiteachas €4.361 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh mar gheall ar mheastachán forlíontach €5 mhilliún a ceadaíodh i mí na Nollag 2021 maidir le dliteanais Chreat Bailithe Sonraí Fhoras na Mara. Cuireadh an tsuim sin ar fáil chun réiteach a dhéanamh ar an aimhrialtacht stairiúil a bhaineann le maoiniú bliantúil vótáilte as an státchiste a thugann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara d’Fhoras na Mara le haghaidh an Chreata Bailithe Sonraí, rud a íocadh roimhe sin bliain amháin i riaráiste seachas sa bhliain reatha. Leis an leithdháileadh forlíontach speisialta aonuaire seo, is féidir na dliteanais seo a íoc ó leithdháiltí na bliana reatha.

**D.5 Deontas don Bhord Iascaigh Mhara**

*Soláthar meastacháin €38.75 milliún; toradh €45.9 milliún*

Rinneadh an méadú caiteachais €7.15 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh mar gheall ar fhorlíonadh aonuaire a tugadh don Bhord Iascaigh Mhara chun an Scéim Shealadach Brexit um Fhlít a Chur le Balla a mhaoiniú.

**D.6 An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara**

*Soláthar meastacháin €24.81 milliún; toradh €18.042 milliún*

Bhain an t-easnamh caiteachais dar luach €6.768 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas pá €2.391 milliún mar gheall ar uainiú earcaíochta lín foirne a bhí ceadaithe cheana féin agus le coigilteas dar luach €378,000 i gcostais phinsin mar thoradh ar líon ní ba lú daoine ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith ag dul ar scor. Tharla coigilteas €1.246 milliún i gcostais neamhphá go príomha mar thoradh ar laghdú i dtaisteal agus cothú de dheasca phaindéim Covid-19 agus le coigilteas i gcostais tacaíochta. D’eascair coigilteas €381,000 as roinnt tionscadal caipitil agus bhain coigilteas €2.372 milliún le tionscadail eile a bhí beartaithe le haghaidh 2021 ach a cuireadh siar go 2022.

**D.7 Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach**

*Soláthar meastacháin €600,000; toradh €450,000*

D'eascair an t-easnamh caiteachais €150,000 i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh as uainiú scaoileadh na n-íocaíochtaí coinneála deiridh.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Fo-mhírcheann | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Aisghabháil tuarastal, etc., de chuid oifigeach atá ar iasacht do chomhlachtaí seachtracha | | 720 | 605 | 1,122 |
| 2 | Éarlaisí agus urrúis a forghéilleadh faoi shocruithe maidir le hidirghabháil, aisíocaíocht easpórtála, etc., de chuid AE | | 1 | 364 | 6 |
| 3 | Aisíocaíochtaí ó tháillí cigireachta tréidliachta ag monarchana éineola agus feola eile | A.3 | 14,737 | 17,247 | 19,362 |
| 4 | Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta le haghaidh easpórtálacha beo | A.3 | 723 | 871 | 928 |
| 5 | Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta | A.3 | 4,050 | 4,712 | 8,116 |
| 6 | Fáltais ó vacsaíní, beostoic, táirgí feirme, etc., a dhíol ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm ag Baile an Aba; costais choraintín ag Inis Píc a aisghabháil | A.3 | 675 | 559 | 530 |
| 7 | Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnúcháin, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc., agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin | C.3 | 2,349 | 3,415 | 2,970 |
| 8 | Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí chun íoc as an gcostas a bhaineann le galar bólachta a dhíothú | A.3 | 7,001 | 7,866 | 7,853 |
| 9 | Fáltais Choimisiún na Talún | | 300 | 173 | 194 |
| 10 | Fáltais eile | | 4,548 | 7,579 | 2,587 |
| 11 | Costais idirghabhála margaidh agus costais mhaoiniúcháin le haghaidh bhearta eile rannóg FEOGA (Ráthaíocht) | B.11 | 975 | — | — |

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Fo-mhírcheann | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| 12 | Caillteanais stoc idirghabhála, etc. | B.11 | — | 866 | 1,027 |
| 13 | CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | B.4, B.3, B.5 agus B.9 | 270,000 | 311,939 | 306,002 |
| 14 | An Ciste Tréidliachta | A.3 | 4,675 | 4,711 | 7,865 |
| 15 | Fáltais Ráthaíochta eile ó AE (Talmhaíocht) | B.11 | — | 41 | 33 |
| 16 | Fáltais fíneálacha agus forghéillte i ndáil le hiascach mara | D.3 | 100 | 171 | 40 |
| 17 | Fáltais faoin Acht Imeall Trágha, 1933, agus faoin Acht Maoine Stáit, 1954 | D.3 | 100 | 147 | 76 |
| 18 | Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | D.3 | — | — | — |
| 19 | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | D.3 | 406 | 772 | 529 |
| 20 | Fáltais AE le haghaidh CEMID | D.3 | 13,500 | 13,042 | 19,482 |
| 21 | CEI (Iascach) 2007-2013 | D.3 | — | — | — |
| 22 | Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe na hÉireann | | 200 | 113 | 59 |
| 23 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 10,729 | 10,096 | 9,707 |
| 24 | Fáltais NGEU | B.3 | 28,000 | 1,258 | — |
| 25 | Fáltais cheadúnaithe foraoise | B.10 | — | 118 | — |
| | **Iomlán** | | **363,789** | **386,665** | **388,488** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €22.876 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá na difríochtaí mínithe thíos.

**1 Aisghabháil tuarastal, etc., de chuid oifigeach atá ar iasacht do chomhlachtaí seachtracha**

*Measta €720,000; réadaithe €605,000*

Tá laghdú €115,000 ann toisc gur fhill oifigeach in 2021 ó bheith ar iasacht agus toisc go raibh roinnt sonrasc fós amuigh ag deireadh na bliana.

**2 Éarlaisí agus urrúis a forghéilleadh faoi shocruithe maidir le hidirghabháil, aisíocaíocht easpórtála, etc, de chuid AE**

*Measta €1,000; réadaithe €364,000*

Rinneadh méadú €363,000 i bhfáltais toisc nár éirigh le roinnt trádálaithe a n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus, mar sin, d'fhorghéill siad a n-urrúis. Ní dhéantar ach soláthar comharthach bliantúil toisc go bhfuil sé deacair meastachán a dhéanamh roimh ré maidir le forghéilleadh ar bith a d'fhéadfadh tarlú.

**3 Aisíocaíochtaí ó tháillí cigireachta tréidliachta ag monarchana éineola agus feola eile**

*Measta €14.737 milliún; réadaithe €17.247 milliún*

Baineann an méadú €2.51 milliún le méadú i leibhéil mharaithe speiceas áirithe agus méadú ó thaobh leibhéal gníomhaíochta arís in 2021.

**4 Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta le haghaidh easpórtálacha beo**

*Measta €723,000; réadaithe €871,000*

Baineann an méadú €148,000 le leibhéal ní b'airde easpórtálacha ainmhithe ná mar a bhíothas ag súil leis agus ós rud é gur tugadh isteach táillí lena gcur ar chapaill a bhíonn á n-easpórtáil chuig an mBreatain Mhór ó 2021 ar aghaidh.

**5 Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta**

*Measta €4.05 milliún; réadaithe €4.712 milliún*

Bhain an méadú €662,000 le gníomhaíocht mhéadaithe san earnáil déiríochta. Chomh maith leis sin, baineann éagsúlacht le tobhaigh a fhaightear in aon bhliain ar leith toisc go mbraitheann siad ar an méid táirgiúlachta a bhaineann le gach oibreoir gnó bia.

**6 Fáltais ó vacsaíní, beostoic, táirgí feirme, etc., a dhíol ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm ag Baile an Aba; costais choraintín ag Inis Píc a aisghabháil**

*Measta €675,000; réadaithe €559,000*

Rinneadh an laghdú €116,000 i bhfáltais le haghaidh tástáil saotharlainne tréidliachta toisc gur córas tástála atá bunaithe ar éileamh atá i gceist ó chleachtais tréidliachta príobháideacha, gan aon ráthaíocht gur féidir spriocanna measta a bhaint amach.

**7 Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnúcháin, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc., agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin**

*Measta €2.349 milliún; réadaithe €3.415 milliún*

Bhí méadú €436,000 i gceist i dtáillí clárúcháin lotnaidicídí, rud a léiríonn leibhéal ní b'airde clárúchán ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí an méadú sin bunaithe ar leas/éileamh tráchtála seachtrach, go háirithe éileamh ar dhíghalráin lámh.

Tháinig méadú €338,000 ar tháillí deimhniúcháin síolta gránach toisc go bhfuil an tseirbhís seo faoi thionchar cliant ag na díolamóirí agus saothróirí síolta agus d’fhéadfadh breithnithe tráchtála bliantúla na ndíolamóirí agus saothróirí síolta tionchar a imirt orthu, agus d’fhéadfadh cúinsí bliantúla difear a dhéanamh do líon na síolta a shaothraítear freisin.

**8 Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí chun íoc as an gcostas a bhaineann le galar bólachta a dhíothú**

*Measta €7.001 milliún; réadaithe €7.866 milliún*

Spreagadh an méadú €865,000 sna tobhaigh um ghalair bhólachta go príomha leis na tobhaigh bhreise a bailíodh in aghaidh an lítir bainne a phróiseáiltear, rud a léiríonn an leathnú leanúnach san earnáil déiríochta. Tá sé deacair líon iomlán na dtobhach atá le bailiú, ar bhonn bliantúil, a thuar, mar gheall ar luaineacht ar fheidhmiúlacht na hearnála déiríochta.

**9 Fáltais Choimisiún na Talún**

*Measta €300,000; réadaithe €173,000*

Bhain an laghdú €127,000 le laghdú i líon na gcuntas gníomhach.

**10 Fáltais eile**

*Measta €4.548 milliún; réadaithe €7.579 milliún*

Bhain an méadú €3.031 milliún go príomha le híocaíocht aonuaire €2.559 milliún ó Teagasc as ranníocaíochtaí pinsin a rinneadh mar thoradh ar athrú sa bhealach a rinneadh na ranníocaíochtaí a coinníodh a riar.

Fuarthas €508,000 sa bhreis ar an tsuim thuartha ó thionscnaimh thaighde iomaíocha faoi cheannas AE freisin toisc go n-athraíonn na suimeanna incháilithe d’aisíocaíocht ar bhonn gach cáis agus léiríonn siad an tsuim a chaith na páirtithe conarthacha.

**11 Costais idirghabhála margaidh agus costais mhaoiniúcháin le haghaidh bhearta eile rannóg FEOGA (Ráthaíocht)**

*Measta €975,000; réadaithe €nialas*

Bhain an laghdú €975,000 le dea-dhálaí margaidh agus, mar sin, níor coinníodh aon táirge faoi stóráil phoiblí.

**12 Caillteanais stoc idirghabhála, etc.**

*Measta €nialas; réadaithe €866,000*

Rinneadh an méadú €866,000 toisc gur tháinig na fáltais faoin bhfo-mhírcheann seo ó fhorálacha i Rialacháin AE lena gcumasaítear don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 20% de mhírialtachtaí agus 25% d’fhiachas traschomhlíonta ar chistí EAGF a choimeád. Tá sé deacair na leibhéil fiachais agus an téarnamh ina dhiaidh sin a thuar, agus mar sin, bíonn difríocht ann idir suimeanna tuartha agus suimeanna iarbhír.

**13 CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)**

*Measta €270 milliún; réadaithe €311.939 milliún*

Baineann an méadú €41.939 milliún i bhfáltais ó chístí CETFT le ranníocaíochtaí méadaithe i leith scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha (ANC) agus leis an ráta maoiniúcháin a bheith ní b'airde ná mar a tuaradh ag 85% in 2021, anuas ar phróifíl caiteachais ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leis, rud as ar eascair leibhéal ní b'airde aisíocaíochta ó AE.

**19 Táillí ceadúnais dobharshaothraithe**

*Measta €406,000; réadaithe €772,000*

Bhain an méadú €366,000 le méadú ar líon na láithreán dobharshaothraithe ceadúnaithe.

**23 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Measta €10.729 milliún; réadaithe €10.096 milliún*

Bhain an laghdú €633,000 go príomha le méadú ar an líon ball foirne a d'imigh ar scor, rud a d'fhág go raibh an ranníocaíocht fhoriomlán foirne don tobhach pinsin in 2021 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**24 Fáltais NGEU**

*Measta €28 milliún; réadaithe €1.258 milliún*

Rinneadh an laghdú €26.742 milliún mar gheall ar uainiú chaiteachas agus rolladh amach Next Generation EU (NGEU), rud a bhí ní ba mhoille ná mar a bhíothas ag súil leis agus, mar sin, bhí leibhéal na haisíocaíochta ó AE ní b'ísle freisin.

**25 Fáltais cheadúnaithe foraoise**

*Measta €nialas; réadaithe €118,000*

Rinneadh an méadú €118,000 toisc gur tugadh isteach táillí iarratais foraoiseachta ag deireadh 2020, agus mar sin, ní raibh aon bhonn stairiúil ann chun an soláthar le haghaidh 2021 a dhéanamh.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Maoin Teagasc a dhíol | 3,436 | — |
| Tobhaigh shiúcra | 48 | — |
| Earráidí riaracháin a réiteach | — | 112 |
| Cuntais fionraí a ghlanadh | — | 6 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (3,484) | (118) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 3,692 | 3,565 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 1,615 | 1,594 |
| | **5,307** | **5,159** |

Nóta [a] Seo a leanas na gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne a mbaineann gné pá lena ndeontas, mar a sholáthraítear i meastacháin na Roinne: Bord Bia; an Bord Iascaigh Mhara; Foras na Mara; an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara; agus Teagasc

## 5.2 Pá

### Luach saothair fhoireann na Roinne

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 188,334 | 174,077 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí | — | 265 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 309 | 284 |
| Liúntais eile | 2,313 | 1,456 |
| Ragobair | 2,912 | 2,617 |
| Liúntais uainoibre | 2,298 | 925 |
| ÁSPC an fhostóra | 15,061 | 13,156 |
| **Pá iomlán** | **211,227** | **192,780** |

### Luach saothair gníomhaireachta

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 85,889 | 82,198 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,119 | 1,112 |
| Liúntais eile | 471 | 607 |
| Ragobair | 120 | 132 |
| Íocaíochtaí aisce | 216 | 847 |
| ÁSPC an fhostóra | 3,972 | 3,752 |
| **Pá iomlán** | **91,787** | **88,648** |

Nóta Ní bhaineann na liúntais, an ragobair agus na sonraí luach saothair eile i nótaí 5.3 go 5.5 thíos ach amháin le baill foirne na Roinne a n-íoctar go díreach leo ón Vóta faoi chláir A go D. Tá eolas mionsonraithe maidir le socruithe luach saothair chomhlachtaí Stáit comhlachaithe na Roinne ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí Stáit lena mbaineann.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 104 | 2 | 12,858 | 11,937 |
| Liúntais uainoibre | 311 | 61 | 24,232 | 19,939 |
| Liúntais eile | 962 | 17 | 22,002 | 22,088 |
| Ragobair | 728 | 71 | 32,156 | 28,563 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 510 | 218 | 59,156 | 33,620 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Ar an iomlán, íocadh suim chomhlán €19,040 le deichniúr státseirbhíseach a bhí ar scor, a bhfuil pinsin státseirbhíse á bhfáil acu agus a athfhostaíodh ar bhonn táille. Cuireadh prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm nuair a íocadh na táillí sin.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon faighteoirí | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 233 | 530,506 | 531,512 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 70 | 216,171 | 319,081 |

## 5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus olltuarastal bliantúil €203,167 ag baint leis an ról (€201,155 amhail an 31 Nollaig 2020).

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ó AE

Tugadh an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle. Maoiníonn ciste EAGF íocaíochtaí díreacha agus tacaí margaidh agus cómhaoiníonn CETFT bearta forbartha tuaithe faoi chláir cheadaithe forbartha tuaithe.

Cuimsítear i ngníomhaíochtaí na Roinne bearta a mhaoinítear go hiomlán ó EAGF agus gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó CETFT agus ón Vóta.

Cuimsítear i gClár B caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn AE iad trí CETFT. Cuimsítear freisin i gClár C caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Tréidliachta AE. Cuimsítear i gCláir C agus D caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn AE iad tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), 2014-2020, de chuid AE. Cuimsítear i gClár B muirear dar luach €4,870,950 chuig an Vóta le haghaidh Maoiniú ó AE a dícheadaíodh mar gheall ar chinntí imréitigh comhréireachta agus íocaíochtaí déanacha dar luach €857,472.

Cuimsítear sa chuntas ús dar luach €160,603 a íocadh ar iasachtaí gearrthéarmacha €670 milliún a fuarthas ar iasacht in 2020 chun caiteachas Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go bhfaighfear aisghabháil ó AE. Aisíocadh na hiasachtaí in 2021, i dteannta úis.

Fuarthas cistí gearrthéarmacha dar luach iomlán €655 mhilliún ar iasacht in 2021 chun caiteachas Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go bhfaighfear aisghabháil ó AE in 2022. Tá na hiasachtaí sin léirithe i ráitis airgeadais an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta (EAGF), an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI), oibríochtaí Éireannacha.

**Ioncam agus caiteachas arna maoiniú ag AE atá á mbainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €m | €m |
| Scéim na n-íocaíochtaí díreacha/na n-íocaíochtaí bunúsacha | 1,171 | 1,187 |
| Tacaí eile margaidh | 12 | 6.9 |
| Eile | (6) | (4) |
| **Fáltais chómhaoinithe (bearta a gcómhaoiníonn AE iad)** [a] | | |
| | **2021** | **2020** |
| | **€m** | **€m** |
| Cláir Forbartha Tuaithe CETFT | 313 | 306 |
| An Ciste Tréidliachta | 4 | 7 |
| Fáltais chómhaoinithe eile | 1 | 1 |
| | | |
| **Iascach** | | |
| CEMI - An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014-2020 [b] | 13 | 19 |
| **Pá iomlán** | **1,508** | **1,523** |

Nótaí

[a] Ní léirítear sa tábla seo ach cómhaoiniú AE ar na cláir seo.

[b] Coimeádtar fáltais CEMI dar luach €11.7 mhilliún i gcuntas fionraí (airleacain AE) de réir nósanna imeachta airgeadais phoiblí.

[c] Faoi Airteagal 28 de Rialachán 908/2014 ó AE, déantar na suimeanna a aisghabhtar a dhearbhú agus a ghlanluachái in aghaidh chaiteachas na scéime ar ina leith a tháinig an dliteanas don aisghabháil chun cinn.

## 6.2 Ró-íocaíochtaí scéime

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag an 1 Eanáir | 1,367 | 2,640 |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh sa bhliain | 13,130 | 13,330 |
| Ceartúcháin | (998) | (1,212) |
| Aisghabhálacha | (12,787) | (12,672) |
| Nithe a díscríobhadh (nóta 6.3) | (44) | (719) |
| **Ró-íocaíochtaí scéime ag an 31 Nollaig** | **668** | **1,367** |

## 6.3 Nithe a díscríobhadh

| Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ró-íocaíochtaí scéime:** | | |
| An scéim foraoisithe | 5,625 | 379,174 |
| An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 23,166 | 126,024 |
| Préimheanna ilghnéitheacha AE agus scéimeanna limistéarbhunaithe | 1,843 | 2,936 |
| Préimheanna ilghnéitheacha Vóta | 1,748 | 1,539 |
| An scéim luathscoir | 12,117 | 208,354 |
| Cleachtóirí tréidliachta príobháideacha | — | 753 |
| | **44,499** | **718,780** |
| **Custaiméirí:** | | |
| Custaiméirí nach bhfuil ag trádáil níos mó | 123,805 | 107,022 |
| Ceadúnais dobharshaothraithe atá imithe in éag/géillte agus nach bhfuil athnuaite | 2,158 | — |
| Fiachais a bhaineann le tuarastal | — | 22,960 |
| Cúiseanna eile | 31,279 | 10,100 |
| | **157,242** | **140,082** |
| | **201,741** | **858,862** |

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh ag | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **2021** | **2020** |
| Líon na gcásanna | 7 | 8 | 15 | 29 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 63 | 63 | 51 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne | | | | |
| Cúiteamh | 112 | 79 | 191 | 531 |
| Costais dlí | 62 | 335 | 397 | 481 |
| Costais eile | 12 | 1 | 13 | — |
| **Iomlán 2021** | **186** | **478** | **664** | **1,063** |
| Iomlán 2020 | 33 | 1,030 | 1,063 | |

Nótaí

[a] Amhail an 31 Nollaig 2021, tá na héilimh seo a leanas fós amuigh:

- Cásanna dlíthíochta ginearálta 42

[b] Amhail an 31 Nollaig 2021, tá an Roinn tar éis €340,000 a áireamh i gCreidiúnaithe eile atá dlite mar iomlán na gcostas dlí atá fós dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2021**

| | Éilimh ag | | |
|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **Iomlán** |
| Líon na gcásanna | 7 | 5 | 12 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 45 | 45 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne | | | |
| Cúiteamh | 112 | 34 | 146 |
| Costais dlí | 62 | 27 | 89 |
| Costais eile | 12 | 1 | 13 |
| **Iomlán** | **186** | **107** | **293** |

## 6.5 Tabhartais chúnaimh bia

Shínigh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia (WFP) agus an Roinn Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí an Chláir Dhomhanda Bia-na hÉireann 2022- 2024 i mí na Nollag 2021. Rinneadh cur síos sa chomhaontú seo ar thacaíocht mhéadaithe le haghaidh an Chláir Dhomhanda Bia sa tréimhse sin, faoi réir leithreasaí bliantúla buiséid ag Dáil Éireann. Rinneadh cur síos sa chomhaontú trí bliana ar íos-suim €25 mhilliún de ranníocaíochtaí iltaobhacha sa bhliain, agus bheadh an t-iomlán trí bliana leithdháilte faoin gcomhaontú cothrom le €75 mhilliún ar a laghad.

Déantar an leithdháileadh sin chun tacú go leanúnach le cuspóirí straitéiseacha reatha an Chláir Dhomhanda Bia, is iad sin:

- deireadh a chur leis an ocras, trí rochtain ar bhia a sholáthar
- cothú a fheabhsú
- slándáil bhia a chinntiú
- tacú le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG)
- oibriú i gcomhpháirt ar mhaithe le torthaí SDG.

Scríobh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia chuig an Roinn lena fháil amach an mbeadh Éire toilteanach eisíocaíocht luath leithdháileadh 2022 a cheadú. Chomhaontaigh an Roinn le luathíocaíocht €25 mhilliún a dhéanamh ó leithdháileadh 2022, agus rinneadh an íocaíocht i mí na Nollag 2021, agus tá an tsuim sin curtha ar áireamh i réamhíocaíochtaí sa ráiteas faoin staid airgeadais.

Is í an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) príomhghníomhaireacht speisialaithe na Náisiún Aontaithe atá i mbun iarrachtaí idirnáisiúnta deireadh a chur leis an ocras ar fud an domhain a threorú, slándáil bhia a chinntiú do chách, agus a chinntiú go mbíonn rochtain rialta ag daoine ar dhóthain bia ar ardchaighdeán ionas gur féidir leo saol gníomhach sláintiúil a chaitheamh.

Úsáidtear síntiúis agus ranníocaíochtaí deonacha breise le FAO chun cúnamh a sholáthar do 130 tír chun cabhrú leo córais inbhuanaithe talmhaíochta agus bia a fhorbairt. In 2021, b’ionann ranníocaíocht na hÉireann (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) le FAO agus €3.558 milliún (2020: €3.675 milliún).

## 6.6 Géilleadh iarchurtha

Cuimsítear i ngéilleadh iarchurtha coigilteas dar luach €29.9 milliún i gcaiteachas caipitil in 2021, faoi na fo-mhírchinn seo a leanas, a tugadh anonn go 2022.

| | | €000 |
|---|---|---|
| A.3 | Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe | 500 |
| B.5 | Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt | 12,000 |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | 13,000 |
| C.4 | Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn | 2,400 |
| D.3 | Iascach | 2,000 |
| | | **29,900** |

## 6.7 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon cásanna | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| Calaois | — | — | — |
| Calaois amhrasta | 2 | 87 | — |
| | | **87** | **—** |

Tháinig an Roinn ar an eolas faoi dhá chás calaoise amhrasta le linn 2021 (2020: ceann ar bith).

## Nóta 7 An Ciste Rásaíochta Capall agus Rásaíochta Con

Cuntas fáltas agus íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais (fo-mhírcheann C.7) | 96,000 | 84,000 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | (76,800) | (67,200) |
| Rásaíocht Con Éireann | (19,200) | (16,800) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil aon luachálacha orthu

| Maoin | Achar ina Heicteáir |
|---|---|
| **Corcaigh** | |
| Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana) | 45.7 |
| Saotharlann Tástála Fola, Bóthar na Modhfheirme | — |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Bóthar na Modhfheirme | 2.8 |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Áth na gCeannaithe | 56.5 |
| Ceapach foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Ceapach foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Ceapach foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Ceapach foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Ceapach foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Ceapach foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Ceapach foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Ceapach foraoise, Átha Trasna | 1.5 |
| Ceapacha foraoise, Bántír | 6.2 |
| Ceapacha foraoise, Dúiche Ealla | 6.5 |
| Ceapacha foraoise, Cineál Aodha | 5.9 |
| Ceapacha foraoise, Ros Ó gCairbre | 11.0 |
| **Dún na nGall** | |
| Ionad Tástála Prátaí, Ráth Bhoth | 78.0 |
| Ceapach foraoise, Leitir Ceanainn | 0.2 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Ceapach foraoise, Coill an Chaoich | 0.7 |
| **Gaillimh** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Cúil Lú | 52.1 |
| Cill Chúile | 1.7 |
| Coill na Meille | 1.3 |
| Míleac Mór | 12.4 |
| Ros Mór | 3.2 |
| An Saighleán | 1.7 |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí | 14.0 |
| **Ciarraí** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile Uí Dhoinnléibhe | 284.6 |
| An Gleann Liath | 4.0 |

| | |
|---|---|
| Ceapach foraoise, Neidín | 0.2 |
| **Cill Dara** | |
| Coláiste Steach Cuimne, Bacastún | — |
| Teach an Bhainisteora Feirme, Bacastún | — |
| Tailte, Bacastún | 150.0 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Cill Chainnigh | 0.9 |
| Tailte, Coláiste Teagasc Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill | 18.0 |
| **Liatroim** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, an Ros Beag | 79.0 |
| **Luimneach** | |
| Saotharlann Eolaíochta Déiríochta, Luimneach | 3.2 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Luimneach | 1.2 |
| Ceapacha foraoise, Áth Dara | 3.0 |
| **Maigh Eo** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile Mhic Craith | 12.1 |
| Doire | 34.8 |
| Ceapach foraoise, Béal Easa | 3.0 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Eanach Mór | 69.4 |
| Baile Uí Aogáin | 44.7 |
| An Cloichreán | 8.2 |
| Coill an Eanaigh | 0.4 |
| Ráth Lumar | 7.2 |
| Ceapacha foraoise, Tulach Mhór | 2.5 |
| **Ros Comáin** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile na hAbhann/Béal Coille | 4.6 |
| Cloonakillig | 0.7 |
| Cluain Seanmhaoil | 22.4 |
| Cluain Fada | 2.9 |
| Cloonboley | 4.9 |
| Cloonacolly | 4.4 |
| Cléithín | 0.6 |
| Cluain Ruacháin | 21.9 |

| | |
|---|---|
| An Tearmann Mór | 55.3 |
| An Tóin Riabhach | 10.8 |
| Cluain Seamhair | 18.4 |
| Cluain Riabhach | 25.7 |
| An Múr | 32.6 |
| Lissergool | 5.3 |
| Ceapacha foraoise, Loch Cé | 16.0 |
| **Sligeach** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Sligeach | 1.4 |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Cluain Chaoláin | 244.0 |
| Ceapach foraoise, Binn Ghulbain | 0.5 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Ceapach foraoise, an Chloichín | 1.3 |
| Ceapach foraoise, Cluain Meala | 3.2 |
| Ceapach foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Ceapacha foraoise, Cill Síoláin | 1.9 |
| **An Iarmhí** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Clonthread | 26.6 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Baile Átha Luain | 1.7 |
| Ceapach foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |
| **Loch Garman** | |
| Ceapach foraoise, Fotharta | 4.8 |
| Ceapacha foraoise, Guaire | 11.1 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Ceapach foraoise, Shelton | 0.2 |
| Ceapach foraoise, Abhainn Mhór | 1.0 |
| Ceapach foraoise, Áth na Sceire | 4.0 |
| Ceapach foraoise, Gleann Dá Loch | 7.6 |
| Ceapach foraoise, Teach Sagard | 1.4 |
| Ceapach foraoise, Gleann Ó Máil | 3.0 |

**Maoin ag calafoirt iascaigh**

Lena chois sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé lárionad cuanta iascaigh dílsithe don Aire. Déantar cuntas orthu ar leithligh i gcuntas an Chiste um Lárionaid Chuanta Iascaigh.

## Aguisín B Cuntas na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste/comhlacht roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála | Dáta a fuair an tAire/an Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe | 2020 | 30 Meitheamh 2021 | 1 Deireadh Fómhair 2021 | 2 Samhain 2021 |
| Bord Bia | 2020 | 30 Meitheamh 2021 | 2 Meán Fómhair 2021 | 27 Deireadh Fómhair 2021 |
| An Bord Iascaigh Mhara | 2020 | 23 Meitheamh 2021 | 23 Iúil 2021 | 20 Meán Fómhair 2021 |
| Coillte Teoranta [a] | 2020 | 1 Aibreán 2021 | 9 Aibreán 2021 | 24 Lúnasa 2021 |
| An Ciste um Lárionaid Chuanta Iascaigh | 2020 | 21 Nollag 2021 | 21 Nollag 2021 | 21 Márta 2022 |
| Rásaíocht Capall Éireann | 2019 | 6 Iúil 2020 | 23 Meán Fómhair 2020 | 21 Nollaig 2020 |
| Bord Rialála Rásaíocht Capall Éireann | 2020 | 1 Samhain 2021 | 4 Samhain 2021 | 14 Eanáir 2022 |
| Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta [b] | 2020 | 31 Márta 2021 | 1 Aibreán 2021 | 11 Meitheamh 2021 |
| Foras na Mara | 2020 | 4 Lúnasa 2021 | 25 Lúnasa 2021 | 2 Samhain 2021 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne [c] | 2020 | 11 Márta 2021 | 10 Samhain 2021 | 29 Márta 2022 |
| Rásaíocht Con Éireann | 2020 | 20 Aibreán 2021 | 29 Aibreán 2021 | 23 Meitheamh 2021 |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 2020 | 10 Meitheamh 2021 | 8 Iúil 2021 | 21 Meán Fómhair 2021 |
| Teagasc | 2020 | 24 Meitheamh 2021 | 6 Lúnasa 2021 | 21 Meán Fómhair 2021 |
| Iontaobhaí Poiblí na hÉireann | 2020 | 18 Márta 2021 | 18 Márta 2021 | 24 Aibreán 2021 |

Nótaí

[a] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Coillte, ós comhlacht stáit tráchtála féinmhaoinithe é; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 31 den Acht Foraoiseachta, 1988, faoinar bunaíodh é.

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 25 den Acht Groighe Náisiúnta, 1945, faoinar bunaíodh é.

[c] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 18 d’Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.